Péistlann a dhéanamh

Coincheap—Is féidir múirín a dhéanamh as dramhaíl orgánach agus cabhraíonn péisteanna leis an bpróiseas sin

NASC LEIS AN gCURACLAM:
Curaclam tíreolaíochta agus curaclam eolaíochta – Feasacht agus Cúram Imshaoil

Turgnamh

Beidh gá agat le:

- Bosca bróg
- Téip ghreamaitheach
- Peann gránbhiorach
- Buidéal plaisteach 2 líotar
- Siosúr
- 3 chupán d'ithir thais
- 1 chupán gainimh
- Duilleoga tirime
- Píosaí beaga bia ar nós práta agus oinniúin

1. Cuir an bosca ina sheasamh ar a bhun i dtreo is go mbeidh an taobh is sia de in airde.
2. Greamaigh an clúdach ar thaobh amháin den bhosca i dtreo is go n-osclóidh sé mar a dhéanfadh doras.
3. Gearr poill i mbarr an bhosca leis an bpeann chun an t-aer a scaoileadh isteach.
4. Gearr barr an bhuidéil phlaistigh agus líon le sraitheanna gainimh agus ithreach.
5. Leath bia ar a bharr.
6. Bailigh cúpla péist ón ngairdín agus cuir isteach i do phéistlann iad.
7. Cuir an phéistlann ina seasamh lasmuigh in áit éigin tirim agus an doras dúnta.
8. Fill air tar éis cúpla lá agus tabharfaidh tú faoi deara go mbeidh an ithir measctha ag na péisteanna toisc iad a bheith ag teacht go barr chun bia a fháil agus ag dul síos arís tríd an bpéistlann.



Itheann péisteanna bia, duilleoga feoite agus gais agus ábhar orgánach eile agus tá siad úsáideach i gcarn múirín chun cabhrú le briseadh síos an ábhair orgánaigh. Trí mhúirín a dhéanamh as an dramhaíl orgánach, féadfaimid laghdú ar an dramhaíl a théann amach as an teach le dumpáil. Caomhnaíonn sé sin fuinneamh trí laghdú ar an mbreosla a úsáideann trucailí ag bailiú agus ag iompar na dramhaíola go dtí an t-ionad dumpála.